Cad é atá ar eolas agat?
Cad é ba mhaith a fhoghlaim?
Cad é a d'fhoghlaim tú?

A Ar eolas agam	B Ba mhaith liom a fhoghlaim	C Cad é a d'fhoghlaim mé

Cad iad na scileanna atá agat?

1. Cad iad na rudaí a bhfuil tú maith acu? Déan liosta.
2. Cad chuige, dar leat, a bhfuil tú maith ag na rudaí seo?
3. An é go bhfuil tú maith ag éisteacht, go mbíonn smaointe maithe agat nó an rud eile ar fad atá ann?
4. Déan liosta de na scileanna atá agat.
5. Anois smaoinigh ar cad é eile a thiocfadh leat a dhéanamh leis na scileanna seo.

Súil a choinneáil ar an am

1. Cad iad na rudaí uilig a bheidh le déanamh agat leis an tasc a chur i gcrích?
2. Cá mhéad ama atá agat?
3. Cad iad na codanna den tasc a ghlacfaidh an chuid is mó ama?
4. Cad é mar a thig leat a chinntiú go mbeidh go leor ama agat leis na rudaí seo a dhéanamh?
5. Déan cinnte de go bhfuil gach rud atá de dhíth ort agat.

Tá mé i bponc. Cad é a thig liom a dhéanamh?

1. Cad é atá ag cur bac ort leanúint ar aghaidh?
2. An mbeadh trealamh ina chuidiú agat?
3. An dtig leat an trealamh a fháil, nó iarraidh ar dhuine eile é a fháil duit?
4. An bhfuil tú i bponc toisc nach dtuigeann tú?
5. Cé leis a dtig leat labhairt le cuidiú a fháil?

Tá sé déanta agat. Cad é a d'fhoghlaim tú?

1. Cén dóigh a ndearna tú an tasc?
2. Cad chuige a ndearna tú ar an dóigh sin é?
3. Ar fhoghlaim tú rud ar bith nua tríd an tasc a dhéanamh ar an dóigh sin?
4. Cén dóigh a ndearna daoine eile é?
5. An ndéanfá iarracht é a dhéanamh ar bhealach difriúil an chéad uair eile?

Cad é mar a thig leat feabhsú?

1. Cad é atá doiligh agat? Roghnaigh rud amháin.
2. Smaoinigh ar dhóigheanna a dtiocfadh leat feabhas a chur air seo.
3. Roghnaigh smaoineamh amháin a thig leat a thriail.
4. Cé a chuideodh leat?
5. Cad é mar a bheidh a fhios agat gur tháinig feabhas ort?

Céimeanna beaga

1. Roghnaigh rud amháin ba mhaith leat a fheabhsú an tseachtain seo.
2. Bris anuas ina chodanna beaga agus é agus déan é píosa ar phíosa.
3. Cad iad na scileanna a bheadh de dhíth ort le bheith ábalta tosú air seo a fhoghlaim?
4. An ndearna tú iad a chleachtadh?
5. Déan tús, lár agus deireadh a phleanáil.

Níl mé cinnte faoin tasc seo

1. Cad iad na ceisteanna ba mhaith leat a chur faoin tasc?
2. Cad é mar a thig leat na freagraí a fháil amach?
3. Sula gcuireann tú ceist ar an mhúinteoir, cad é a thig leat féin a dhéanamh leis an tasc a oibriú amach?
4. An bhfuil an tasc seo cosúil le rud ar bith a rinne tú roimhe?

Ar úsáid tú do chuid ama go céillí?

1. An bhfuil tú sásta leis an obair atá déanta agat?
2. Ar éirigh leat í a chríochnú? An raibh ort deifir a dhéanamh?
3. Sular thosaigh tú, ar smaoinigh tú ar cá fhad a ghlacfadh sé ort gach cuid de a dhéanamh?
4. An mbeadh do chuid oibre níos fearr dá ndéanfá sin?
5. Cad é a thiocfadh leat a dhéanamh an chéad uair eile?

Síl mé go raibh sé doiligh, ach d'éirigh liom é a dhéanamh!

1. Cad é a bhí doiligh faoin tasc?
2. Cad é a bhí ina chuidiú agat?
3. Cad iad na scileanna a bhí ort a úsáid leis an tasc a dhéanamh?
4. Cad iad na rudaí nua a d'fhoghlaim tú?
5. An mbeidh seo ina chuidiú agat agus tú ag dul d'obair eile?